**Prótacal d'iarratas agus do mhalartú Sonraí ó Tríú Páirtithe**

**Muirear Teaghlaigh**

**Réamhrá**

Tiomnaíonn Clár Tacaíochta Airgeadúla d'Éirinn an AE / CAI an Rialtas chun cáin réadmhaoine a thabhairt isteach i 2012. Léiríonn an Clár an riachtanas, i gcomhthéacs reachta fhoriomláin airgeadúil an Stáit, chun maoiniú na seirbhísí atá seachadta go háitiúil a chur ar bhonn fónta airgeadais, chun cuntasacht a fheabhsú agus chun costas a bhaineann le soláthar na seirbhísí a ailíniú níos fearr leis an éileamh ar sheirbhísí mar sin.

I gcomhthéacs na saincheisteanna casta a bhaineann leis sin, thógfadh cáin réadmhaoine, ina mbeadh gá le córas cuimsitheach um luacháil réadmhaoine, a lán ama le bunú agus dá réir sin, chun riachtanais Chlár an AE / CAI a chomhlíonadh, bheartaigh an Rialtas muirear teaghlaigh a thabhairt isteach i 2012. Is beart eatramhach é an muirear teaghlaigh agus beidh tograí maidir le cáin iomlán réadmhaoine mar ábhar meastóireachta don Rialtas sar i bhfad.

Tá an Bille Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011 (BMT) agus na rialacháin déanta dá réir mar bhonn reachtaíochta don mhuirear teaghlaigh. Tá an muirear teaghlaigh ar bhonn féin-mheasúnaithe agus is ábhar é d'úinéir réadmhaoine cónaithe a dhliteanas a dhearbhú ar 1 Eanáir agus an muirear teaghlaigh a íoc roimh 31 Márta.

Tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an Bord Seirbhísí Riomhaire Rialtais Áitiúil agus an Bord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil) ag feidhmiú an chórais um muirear teaghlaigh ar bhonn seirbhísí/gníomhaireachta comhroinnte ar son na gcomhairlí contae agus cathrach go léir. Le cinntiú go mbaileofar an méid is mó den mhuirear teaghlaigh, forálann an BMT go soláthrófar don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA), ag feidhmiú ar son na gcomhairlí, sonraí atá i seilbh daoine ábhartha mar chabhrú léi chun ionaid réadmhaoine cónaithe a shainaithint gur féidir a bheith faoi dhliteanas an mhuirir agus nach bhfuil an dliteanas sin urscaoilte acu. Déanfaidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) meaitseáil go leictreonach idir shonraí ó Ranna Rialtais ábhartha agus ó ghníomhaireachtaí/chomhlachtaí poiblí agus na sonraí atá á gcoinneáil ina córais ríomhaireachta féin.

Nuair atá na cleachaí um meaitseáil sonraí á ndéanamh, tá an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil an-aireach faoin a freagrachtaí maidir le cearta agus príobháideachas daoine indibhidiúla a chosaint i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (féach ar Pholasaí um Chosaint Sonraí an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA)). Ní dhéantar iarratais ar shonraí le haghaidh na gcuspóirí meaitseála sonraí ach amháin sa chás go bhfuil gá leis an bhfaisnéis agus go bhfuil siad i ndianchomhlíonadh le reachtaíocht ábhartha. Eisíodh treoirlínte sonraithe oibríochtúla ar an ábhar seo don fhoireann sa Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus tá

siad acmhoimrithe anseo. Táirgeadh na Treoirlínte seo i ndiaidh comhairliúcháin le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí.

**Bonn Reachtaíochta d'Iarratais**

Is é an príomhbhonn reachtaíochta do mhalartú sonraí ná Airteagal 14 den BMT (féach ar Aguisín 1). Áiríonn sé go bhforáltar gur féidir faisnéis atá i seilbh daoine ábhartha (sainmhínithe sa BMT) atá riachtanach le haghaidh cuspóirí an Bhille, a sholáthar don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil má iarrtar ar an bhfaisnéis sin.

Faoi fhorálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 (ACS), tá dualgas ginearálta ar rialaitheoirí sonraí gan faisnéis a nochtadh do tríú páirtithe. Forálann Airteagal 8 den ACS, áfach, do roinnt eisceachtaí ó na srianta ar phróiseáil sonraí pearsanta. Forálann Airteagal 8(e) ach go háirithe:-

- nach bhfeidhmíonn na srianta sa chás go bhfuil próiseáil na faisnéise á éileamh ag nó faoi achtú nó ag riail dlí nó ag ordú na cúirte.

Dá réir sin, tá bonn dlíthiúil ann chun sonraí pearsanta a sholáthar don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) i ndiaidh iarratais faoi airteagal 14 den BMT. Toisc nach sonraítear na sainchoinníollacha a bhaineann leis na sonraí seo a lorg agus a sholáthar sa BMT, leagann an Prótacal seo amach na cúinsí gur gá a leanúint.

**Achoimre na nGnáthamh maidir le hIarratais ar Fhaisnéis Phearsanta ó dhaoine ábhartha mar a fhoráltar faoi Airteagal 14 den Bhille Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011:**

1. Caithfear na hiarratais go léir ar shonraí pearsanta ó Dhuine Ábhartha a bheith déanta i scríbhinn ag oifigeach sinsearach (i.e. oifigeach le grádleibhéal VIII ar a laghad, i ndiaidh formheasta i scríbhinn a fháil ó Leas-Phríomhfheidhmeannach agus i ndiaidh fógra ón Oifigeach Príomhfheidhmeannach). Tá sé ar intinn nach ndéanfar iarratas ar shonraí pearsanta do dhuine ábhartha ach uair amháin. Is féidir leis an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) iarratais bhreise a dhéanamh áfach mar a bhforáltar dóibh in Airteagal 14(1) (a) den BMT.

2. Beidh na hiarratais ar shonraí srianta do sheoltaí réadmhaoine cónaithe agus do na hainmneacha bainteacha leo agus d'aon aitheantóirí uathúla bainteacha eile sa chás gur bailíodh iad le bonn cuí dlíthiúil.

3. Measfar iarratais amháin sa chás go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil faisnéis i seilbh an chomhlachta phoiblí atá ábhartha go díreach don Ghníomhaireacht

Bainistíochta Rialtais Áitiúil i bhfeidhmíocht a feidhmeanna faoin BMT. Caithfear an fhaisnéis a bheith riachtanach le haghaidh cuspóirí an Mhuirir Theaghlaigh, a bheith ábhartha agus gan a bheith iomarcach maidir leis an gcuspóir dona mbeidh sé beartaithe chun í a úsáid.

4. Déanfar iarratais ar fhaisnéis i scríbhinn agus déarfaidh siad go soiléir cén fhaisnéis atá á lorg, an bonn reachtaíochta don iarratas agus cén fáth go meastar go bhfuil an fhaisnéis riachtanach.

5. Beidh faisnéis a sholáthraítear don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) ag Duine Ábhartha faoin BMT á haistriú trí mhodh slán. Cinnteoidh an Duine Ábhartha i ngach cás go soláthrófar na sonraí a sainíodh i gclásal a dó thuas amháin don Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Sa chás go soláthraítear an fhaisnéis sin go leictreonach, déanfar an t-aistriú trí thiomántán crua criptithe. Is é an caighdeán atá i bhfeidhm ná criptiúchán críochphointe – Seicphointe 7.4 hfa3 tiomsú 1618 ag úsáid AES 256.

6. Cloífidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) le Polasaí an LGMA um Chosaint Sonraí agus le polasaithe, gnáthaimh agus le treoirlínte ábhartha eile an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) i.e. maidir le slándáil faisnéise agus le coinneáil sonraí i dtaobh na faisnéise a soláthraíodh di faoin BMT. Tá foireann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) faoi réir gnáthamh um shlándáil faisnéise mar atá sonraithe i "Polasaí Slándála ICT do LAN LGMA". Chun an malartú is lú de thacair shonraí a chinntiú idir an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus na daoine ábhartha mar atá leagtha amach in Airteagal 14 den BMT, dearbhóidh na daoine ábhartha, ag cur riachtanais an chleachta shonraigh san áireamh, an méid is lú de thacair shonraí atá riachtanach le haghaidh cuspóirí an mhuirir theaghlaigh. Ní bheidh sonraí á malartú leis an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) á gcoinneáil le haon tréimhse níos faide ná mar atá riachtanach chun meaitseáil sonraí a chur i gcrích agus in aon chás, gan a bheith níos faide ná 30 lá ó dháta an fháltais ach amháin sa chás go bhfuil cuspóir sainiúil ann chun iad a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide chun an tasc a chur i gcrích.

7. Beidh rochtain ar na sonraí srianta dóibh siúd atá formheasta ag Príomhoifigeach Feidhmeannach an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA). Ní bheidh rochtain ar na sonraí ach amháin ag na baill foirne ainmnithe sin, bunaithe ar an leibhéal rochtana

atá riachtanach chun a ról a dhéanamh. Áireoidh siad siúd pearsanra líonra, riarthóirí bhunachar sonraí agus anailísithe gnó agus an fhoireann ag tuairisiciú dóibh ar an tionscadal. Coinneoidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) clár de phearsanra ar a mbeidh rochtain bronnta ag an bPríomhoifigeach Feidhmeannach i dteannta leis an leibhéal rochtana atá bronnta. I dtaobh rochtana fisiciúla ar an infreastruchtúr freastalaí, tá socruithe cuimsitheacha slándála i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) ina n-áirítear rochtain bhithmhéadrach, rochtain thionlactha agus monatóireacht um Theilifís Ciorcaid Iata (CCTV). Bronntar rochtain chun tacaíocht agus cothabháil córais a dhéanamh ar bhonn uair-amháin le réamhchead ó fheidhmeannach sinsearach an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA).

8. Molfar do chomhlachtaí poiblí, ar a bhfuil sé de dhualgas clárú leis an Oifig um Chosaint Sonraí, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus na Comhairlí Cathrach agus Contae a liostáil mar eagraíochtaí dona bhfuil sonraí pearsanta á nochtadh agus go bhfuil sé sin á thaifeadadh ina mbealaí um bailiúchán sonraí as seo amach (m.sh. foirmeacha, láithreáin ghréasáin, srl.).

9. Ní bheidh na sonraí go léir a fhaightear mar fhreagra d'iarratas ar bhulcfhaisnéis ó Roinn/chomhlacht poiblí/ghníomhaireacht á gcoinneáil agus beidh siad á mbaint amach nó á scriosadh go daingean ar an toirt ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) ar chomhlánú an chleachta um meaitseáil sonraí de réir Clásail 6 thuas. Deimhneoidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) i scríbhinn don Duine Ábhartha go bhfuil na sonraí bainte amach nó scriosta go daingean. Beidh na tiomántáin crua criptithe go léir á scriosadh go daingean ag sainchuideachta diúscartha i gcomhréir le caighdeán 5220.22 de Roinn Cosanta na Stát Aontaithe.

10. Ní nochtfaidh, ní chomhroinnfidh nó ní sholáthróidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) sonraí a fuair sí mar fhreagra ar iarratas ar bhulcshonraí ó Roinn/chomhlacht poiblí/ghníomhaireacht do nó le haon chomhlacht poiblí nó tríú páirtí eile.

11. Coimeádfaidh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) clár lárnach ar na malartuithe sonraí go léir faighte ó Dhaoine Ábhartha. Liostóidh an clár seo an tráth gur lorgaíodh sonraí, na cúiseanna gur lorgaíodh iad, an bonn reachtaíochta ar a bhfuil siad ag

brath, dáta an fháltais agus dáta an scriosta. Beidh sé sin le fáil trí iarraidh ar Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí.

**<u>Aguisín 1</u>**

**An Bille Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2011**

**Comhroinnt agus Malartú Sonraí**

**14**.—(1) D’ainneoin aon achtaithe nó aon rialach dlí-

(*a*) soláthróidh aon duine ábhartha don údarás áitiúil, ar iarratas ó údarás áitiúil, faisnéis atá i seilbh nó faoi rialú an duine ábhartha nó, sa chás gur comhlacht poiblí é an duine ábhartha, nó gur aon fhochuideachta í (de réir brí airteagail 155 d’Acht na gCuideachtaí 1963) an duine ábhartha, atá ag teastáil go réasúnta ón údarás áitiúil chun an t-údarás áitiúil a chumasú i bhfeidhmiú a fheidhmeanna faoi réir an Bhille seo,

(*b*) Soláthróidh an t-údarás áitiúil, ar pé eatraimh gur féidir a bheith sainithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, do na Coimisinéirí Ioncaim, pé faisnéis atá bailithe ag an údarás áitiúil de bhun an Bhille seo, ina n-áirítear uimhreacha tagartha cánach, gur féidir a bheith ag teastáil go réasúnta ag na Coimisinéirí Ioncaim chun iad a chumasú i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna de réir achtaithe shainithe, agus

(*c*) Soláthróidh údarás áitiúil, ar iarratas ó, agus ag pé eatraimh gur féidir a bheith sainithe ag Aire Rialtais, ag údarás áitiúil nó ag duine ceaptha, don Aire Rialtais, don údarás áitiúil nó don duine ceaptha, mar is cuí, le pé faisnéis a bhailigh an t-údarás áitiúil de bhun an Bhille seo agus atá ag teastáil go réasúnta ón Aire Rialtais, ón údarás áitiúil nó ón duine ceaptha chun é nó í a c(h)umasú i bhfeidhmiú a/a f(h)eidhmeanna.

(2) Ní fhorordóidh an tAire duine le haghaidh cuspóirí d’alt (c) d’airteagal (1) ach amháin go bhfuil sé nó sí sásta go mbeidh soláthar ag údarás áitiúil de fhaisnéis a bhailigh an t-údarás áitiúil de bhun an Bhille seo do dhuine mar sin mar chúnamh don duine sin in urscaoileadh feidhme a tugadh dó nó a tairmligeadh chuige ag nó faoi aon achtú.

(3) Sa chuid seo-
Ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha 2010;

ciallaíonn “duine ábhartha”-
(*a*) an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha bunaithe faoi réir airteagail 150 den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004,
(*b*) an Bord Soláthair Leictreachais bunaithe i gcomhréir leis an Acht Leictreachais (Soláthar) 1927,
(*c*) na Coimisinéirí Ioncaim,
(*d*) an tAire Coimirice Sóisialaí, nó
(*e*) aon duine eile atá ceaptha faoi láthair;

ciallaíonn “achtú sainithe”-

(*a*) na hAchtanna Cánacha,

(*b*) na hAchtanna um Cháin Ghnóthan Caipitiúil,

(*c*) an tAcht 2010,

(*d*) an tAcht Comhdhlúite um Dhleachtanna Stampála 1999, nó

(*e*) an tAcht 2003;

ciallaíonn “uimhir thaghartha cánach”-

(*a*) i dtaobh duine indibhidiúil, uimhir phearsanta seirbhísí poiblí an duine sin (de réir brí airteagail 262 den Acht 2005), nó

(*b*) i dtaobh comhlachta chorporáidigh-

(i) an uimhir thagartha dearbhaithe ar aon fhoirm um thuairisceán ioncaim nó ar aon fhógra measúnachta eisithe chuig an duine sin ag oifigeach na gCoimisinéirí Ioncaim, nó

(ii) an uimhir chlárúcháin den chomhlacht corporáideach le haghaidh cuspóirí an Achta 2010.

**Aguisín 2: Malartuithe sonraí le heagraíochtaí tríú páirtithe**

Tá daoine ábhartha leagtha amach in Airteagal 14 den BMT agus i Rialacháin bhainteacha déanta ag an Aire ó am go ham de réir an BMT.